Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Fóram ar Litearthacht, Uimhearthacht agus Inniúlacht Dhigiteach 2025

30 Aibreán 2025 | Caisleán Bhaile Átha Cliath



#LNDL

Clár Imeachtaí

9:15am	Clárú
10:00am	Fáilte
10:20am	Físeán
10:30am	Tabhairt isteach na straitéise
10:40am	**Eochairaitheasc 1: Uimhearthacht a Theagasc ar fud an Churaclaim** • An Dr Sandra O'Neill, Ollamh Cúnta le hOideachas Luath-Óige, OCBÁC • An Dr Niamh O'Meara, Ollamh Comhlach le hOideachas Matamaitice agus Leas-Stiúrthóir EPI•STEM An tIonad Náisiúnta um Oideachas STEM
11:10am	**Eiseamláirí den chleachtas — uimhearthacht** • Clare Jordan Fitzgerald, Scoil Speisialta Naomh Antaine, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo • Aisling Byrne agus Niamh Murphy, Oideoirí Ceannais Oideolaíochta, Happy Days, Béal Átha Póirín, Tiobraid Árann • Joanne Breen, Príomhoide, Scoil na mBráithre, Bóthar an Mainistreach, Dún, Contae Luimnigh • Shane Murray, Coláiste De La Salle Bhinn Aoibhinn, Bóthar Bhinn Aoibhinn, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11
11:50am	Sos tae/caiffe

Clár Imeachtaí

12.20pm	**Ceardlanna** • **Ceachtanna leis an Doras Glas agus an tSíleáil Ghorm — Á thabhairt amach faoin aer —** Paul O'Donnell, Príomhoide SN Naomh Pádraig, Baile Shláine • **Ó Chlicmhealladh go dtí smaointeoireacht chriticiúil: Scoláirí a theagasc chun Mífhaisnéis agus Bréagaisnéis a bhrath** — Jane McGarrigle, Comhordaitheoir Náisiúnta agus Tracy Hogan, Oifigeach Oideachais, Webwise • **Scéalaíocht** Niall de Búrca • **Uimhearthacht a Theagasc ar fud an Churaclaim An** Dr Niamh O'Meara, Ollamh Comhlach le hOideachas Matamaitice agus Leas-Stiúrthóir EPI•STEM An tIonad Náisiúnta um Oideachas STEM
13.20pm	**Eochairaitheasc 2** **Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach na bhfoghlaimeoirí** • Áine Lynch, POF, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí • René O'Malley, Bainisteoir Seirbhísí, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí
13.50pm	Críoch
14.00pm	Lón

Eochairaitheasc 1

San eochairaitheasc dar teideal “Uimhearthacht ar fud na dTrí Leibhéal”, tabharfar sainmhíniú i dtús báire ar cad is uimhearthacht ann agus an difríocht atá idir uimhearthacht agus an t-ábhar scoile matamaitic. Nuair a bheidh cur síos á dhéanamh againn ar an difríocht sin, beidh aird á díriú againn freisin ar an bhfreagracht atá ar gach oideoir, lena n-áirítear tuismitheoirí, oideoirí na luath-óige, múinteoirí bunscoile agus múinteoirí na n-ábhar go léir ag an dara leibhéal, cabhrú chun scileanna agus inniúlachtaí uimhearthachta daoine óga in Éirinn a fheabhsú.

Déanfaimid cur síos gearr ar na hiarmhairtí a bheidh ann mura mbaintear amach an sprioc sin agus na drochthionchair a bheadh ag leibhéil ísle litearthachta i measc leanaí, daoine óga agus daoine fásta. Ina dhiaidh sin, déanfaimid plé ar na straitéisí a chabhróidh le múinteoirí ag gach ceann de na trí leibhéal chun tacú le foghlaim scoláirí san uimhearthacht. Déanfaimid plé ar na deiseanna atá ar fáil do gach múinteoir maidir le gníomhaíochtaí uimhearthachta a thabhairt isteach ina suíomh féin agus féachaint ar a bhfuil de dhíth chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do mhúinteoirí san iarracht sin.

Agus an méid sin á dhéanamh againn, tá súil againn forléargas cuimsitheach a sholáthar don lucht éisteachta maidir leis na deiseanna uimhearthachta atá ar fáil faoi láthair inár gcóras oideachais agus na deiseanna a d’fhéadfaí a sholáthar ionas gur féidir linn na spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis um Litearthacht, Uimhearthacht agus Inniúlacht Dhigiteach a bhaint amach.

An Dr Sandra O’Neill, Ollamh Cúnta le hOideachas Luath-Óige, OCBÁC

In 2019, bhunaigh Sandra Líonra STEAM na Luath-Óige in OCBÁC. I measc na réimsí taighde a bhfuil suim aici iontu tá STEM in oideachas na luath-óige, matamaitic luath, súgradh iardhigiteach agus rannpháirtíocht leanaí. Dhírigh a cuid oibre dochtúireachta ar bheartas STEM EC, faoi mhaoirseacht an Dr Liz Chesworth in Ollscoil Sheffield.

An Dr Niamh O’Meara, Ollamh Comhlach le hOideachas Matamaitice agus Leas-Stiúrthóir EPI•STEM An tIonad Náisiúnta um Oideachas STEM

Is léachtóir le hoideachas matamaitice in Ollscoil Luimnigh í Niamh O’Meara agus í ag léachtóireacht ar chláir oideachas múinteoirí fochéime agus iarchéime. Chomh maith leis sin, tá sí ina leas-stiúrthóir ar EPI·STEM, an t-aon ionad náisiúnta d’oideachas STEM in Éirinn.

Déanann Niamh a cuid taighde i réimse an oideachais matamaitice agus uimhearthachta. Faoin scáth sin, tá taighde déanta aici i réimsí a bhaineann le heolas an mhúinteora, saincheisteanna curaclaim in oideachas na matamaitice, feabhas a chur ar dhearcthaí agus ar fheidhmíocht in oideachas na matamaitice agus na huimhearthachta do gach foghlaimeoir, daoine fásta san áireamh.

Le blianta beaga anuas, bhí Niamh ag obair le comhghleacaithe ar fud na hEorpa chun Comhchreat Uimhearthachta na hEorpa a fhorbairt, creat atá deartha chun príomhthosca a aithint maidir le feabhas a chur ar cháilíocht iompair uimhriúil daoine fásta (féach www.cenf.eu). D’oibrigh sí go dlúth freisin leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d’Aosaigh (NALA) de chuid na hÉireann agus chuir sí sraith treoirlínte le chéile maidir le dea-chleachtas i soláthar uimhearthachta comhtháite agus neamhspleách.

Le déanaí ba í Niamh an príomhúdar ar thuarascáil a choimisiúnaigh NALA agus a rinne iarracht tuiscint agus coincheapú na huimhearthachta d’fhoghlaimeoirí fásta a fhiosrú.

Eiseamláirí Cleachtais

Scoil Naomh Antaine, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo

Is múinteoir ranga í Clare Jordan Fitzgerald i Scoil Naomh Antaine, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo a bhfuil breis agus 25 bliain de thaithí aici ag tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Is Comhlach agus iar-Chomhairleoir í Clare ar fhoireann Churaclam na Bunscoile leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS). Pléifidh Clare na modhanna taitneamhacha a úsáidtear i Scoil Naomh Antaine chun uimhearthacht agus matamaitic a theagasc.

Happy Days, Béal Átha Póirín, Contae Thiobraid Árann

Aisling Byrne,
Ceannaireacht oideolaíoch



Niamh Murphy,
Ceannaireacht oideolaíoch

Is seirbhís luathoideachais agus aois scoile phobalbhunaithe é Happy Days i mBéal Átha Póirín, Tiobraid Árann Theas. Le súgradh agus eispéiris ón bhfíorshaol, tacaítear leis na leanaí chun bonn láidir a fhorbairt i gcoincheapa na matamaitice, ní hamháin chun tuiscint ar uimhreacha a fhorbairt ach chomh maith leis sin cruthanna, spás agus patrúin mar shampla. Taispeánfar dhá fhíseán chun a léiriú conas is féidir an uimhearthacht a chomhtháthú sa chleachtas laethúil.

Leanaí óga

Glacann leanaí idir 12 agus 24 mí d'aois páirt i spraoi uisce, ag díriú ar fhorbairt teanga trí réamhfhocail, malairtí, agus feasacht ar spásúlacht.

Lapadáin

Déanann leanaí idir 2 agus 3 bliana d'aois caoineoga, ag léiriú conas is féidir coincheap matamaitice, amhail cainníocht, malairtí, tréithe, codáin, agus comhaireamh a leabú in eispéiris fhónta san fhíor.

Scoil na mBráithre Dún, Contae Luimnigh

Tá Joanne Breen ina príomhoide ar Scoil na mBráithre. Cuirfidh sí na cleachtais uimhearthachta nuálacha atá á gcur i bhfeidhm ina scoil i láthair, lena n-áirítear comhoibriú láidir le tuismitheoirí, chomh maith le tionscnaimh spriocdhírithe a dearadh chun deiseanna foghlama a fheabhsú agus a leathnú do dhaltaí sárchumasacha. Léireoidh a cur i láthair an chaoi a gcuireann na straitéisí seo le timpeallacht foghlama níos cuimsithí agus níos saibhre do chách.

Coláiste De La Salle Bhinn Aoibhinn

Is múinteoir Ealaíne é Shane Murray i gColáiste De La Salle Bhinn Aoibhinn. Chuir sé tús leis an Roinn Ealaíne in 2017 le dhá rang, a d'fhás ó shin go dtí 13 rang ar fud na leibhéil ar fad. Comhoibríonn sé go rialta le Dánlann Hugh Lane i mBaile Átha Cliath, ar an taispeántas Three Times Out le déanaí, áit ar chuir scoláirí na chéad bhliana saothar ealaíne ar taispeáint in éineacht le bunleaganacha Warhol. Tá sé paiseanta faoi dhaltaí a mhealladh agus déanann sé iniúchadh go leanúnach ar bhealaí cruthaitheacha ábhartha chun ealaín a dhéanamh. Déanfaidh Shane cur i láthair faoin gcaoi ar chuimsigh sé an uimhearthacht i dtionscadal mósáice bunaithe ar an ealaíontóir sráide Franchach Space Invader.

Eochairaitheasc 2

Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach na bhfoghlaimeoirí

Fiosróidh Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí conas is féidir le tuismitheoirí agus pobail tacú le litearthacht, uimhearthacht, agus litearthacht dhigiteach ó fhoghlaim agus cúram na luath-óige go dtí an iar-bhunscoil. Pléifidh siad taighde ina dtarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí, scrúdóidh siad polasaithe oideachais ábhartha, agus roinnfidh siad samplaí praiticiúla mar aon le físeán gearr ag léiriú na gcur chuige sin i ngníomh.

Áine Lynch, POF, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Cháiligh

Áine mar altra agus ansin rinne sí céim onóracha sna hEolaíochtaí Iompraíochta. D'oibrigh Áine ar feadh dhá bhliain i réimse na síciatrachta leanaí agus ansin d'oibrigh sí leis an ISPCC mar Bhainisteoir ar Líne Chabhrach na Leanaí agus mar Stiúrthóir Seirbhísí. I mí Lúnasa 2007, ceapadh Áine ina Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (NPC).

Cheap an tAire Oideachais Áine ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Coláiste De La Salle Bhinn Aoibhinn Speisialta (CNOS) agus ar an gComhairle Mhúinteoireachta. Bhí sí ar roinnt coistí de chuid na Roinne Oideachais, agus déanann sí ionadaíocht don NPC ar Chumann Eorpach na dTuismitheoirí. I mí na Nollag 2017 bhronn Ollscoil Uladh Máistreacht sa Cheannaireacht Feidhmiúcháin ar Áine.

Creideann Áine gur chert go mbeadh gach cinneadh i scoileanna leanbhlárnach agus gurb é an bealach is fearr chun é sin a bhaint amach ná trí chaidreamh dearfach a chothú idir tuismitheoirí agus scoileanna, agus trína chinntiú go gcuirtear guth an duine óig san áireamh.

René O'Malley, Bainisteoir Seirbhísí, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí

Rinne René céim Bhaitsiléara Ealaíon sa tSíceolaíocht. Chuir sí tús lena gairm bheatha ghairmiúil mar mhargóir agus mar oifigeach caidrimh phoiblí. Ina dhiaidh sin bhog sí isteach san earnáil neamhbhrabúis, ag obair le dídeanaithe.

Thosaigh René le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí in 2021 ag obair mar Riarthóir Tionscadail. Chuaigh sí leis an Líne Chabhrach níos déanaí agus d'oibrigh sí le tuismitheoirí freisin trí chláir oiliúna an NPC a sholáthar.

Creideann René go bhféadfadh a taithí mar thuismitheoir bheirt leanaí atá ag dul trí chóras oideachais na hÉireann faoi láthair a bheith mar bhuntáiste ar leith don iliomad náisiúnach coigríche atá ag teacht go hÉirinn sa lá atá inniu ann.

Ceardlanna

Ceachtanna leis an Doras Glas agus an tSíleáil Ghorm - Á thabhairt amach faoin aer

San áireamh sa cheardlann seo beidh:

• Gníomhaíochtaí praiticiúla, teagmhálacha chun litearthacht, uimhearthacht agus teicneolaíocht dhigiteach a chomhtháthú i gceachtanna lasmuigh do leanaí luath-óige agus bunscoile.

• An fáth nach raibh sé chomh hábhartha riamh an taobh amuigh a úsáid mar shuíomh agus mar acmhainn

• Ag buntacú le beartas taighde agus oideachais

• Ceachtanna agus smaointe samplacha

• Smaointe chun spásanna taobh amuigh a fhorbairt ar thailte na scoile

Gheobhaidh na rannpháirtithe go léir cóip den chur i láthair chomh maith le pleananna do cheacht samplach, nótaí pleanála agus naisc ar líne.

Paul O'Donnell, Príomhoide SN Naomh Pádraig, Baile Shláine

Is iarbhall de Bhord Luath-Óige agus Bunscoile CNCM é Paul agus faoi láthair tá sé ina bhall den ghrúpa forbartha curaclaim um Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (SEE) agus ina léachtóir páirtaimseartha le Froebel. Tugadh ar iasacht é do chomhlacht bainistíochta an CPSMA.

Tá leabhar scríofa aige dar teideal Wild Teaching: Cross-curricular Lessons outdoors for Agoraphobic Teachers agus d'éascaigh sé mórán cúrsaí ar fud na tíre maidir le teagasc agus foghlaim a thabhairt amach faoin aer.

Ó Chlicmhealladh go dtí smaointeoireacht chriticiúil: Scoláirí a theagasc chun Mífhaisnéis agus Bréagaisnéis a bhrath

Déan iniúchadh ar acmhainní agus ábhair litearthachta digití atá ar fáil do scoileanna chun foghlaimeoirí a chumasú chun dul i ngleic le timpeallachtaí casta meán ar líne. I measc na n-ábhar a scrúdaítear tá tuiscint ar mhífhaisnéis/bhréagaisnéis, ról na n-algartam, agus cuidiú le foghlaimeoirí smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt.

Jane McGarrigle - Comhordaitheoir Náisiúnta Webwise

Déanann Jane maoirseacht ar fhorbairt agus ar sheachadadh Webwise - ionad feasachta sábháilteachta idirlín na hÉireann. Le 9 mbliana anuas, tá Jane i gceannas ar fhorbairt a dhéanamh ar réimse de chláir sábháilteachta idirlín do leanaí, tuismitheoirí, múinteoirí agus scoileanna, ar cláir iad a bhfuil gradaim bainte amach acu.

Tá sí freagrach as an Lá le haghaidh Idirlíon níos sábháilte in Éirinn. a chomhordú agus a chur chun cinn. Tá Jane ar Choiste Stiúrtha Thuiscint ar na Meáin, Éire, tá sí ina ball gníomhach den líonra Insafe agus le déanaí bhí sí ar Choiste Stiúrtha Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais agus ar an gComhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht Ar Líne.

Tracy Hogan - Oifigeach Oideachais, Webwise

Tá Tracy ag obair mar oifigeach oideachais le Webwise, ó mhí Dheireadh Fómhair 2017. San áireamh ina cuid oibre tá acmhainní oideachais a fhorbairt atá dírithe ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí (i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon) agus ag an am céanna comhordú a dhéanamh ar thionscnaimh óige Webwise; Painéal Comhairleach Óige Webwise agus an Clár Ambasadóra um Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte.

Sular thosaigh sí ag obair le Webwise d'oibrigh sí mar mhúinteoir in Éirinn agus sa Nua-Shéalainn, áit a bhfuair sí taithí luachmhar ag obair i ngrúpaí oibre um fhorbairt ghairmiúil ríomhfhoghlama, i bhforbairt acmhainní chomh maith le forbairt agus cur i bhfeidhm polasaí teicneolaíochta digití.

Scéalaíocht

Beidh Niall de Búrca linn le haghaidh seisiún faoi conas do ninja scéalaíochta inmheánach a thabhairt amach! Ina cheardlann nuálach léireoidh Niall na mionsonraí praiticiúla maidir le teicnící taibhithe ar féidir leat iad a úsáid go héifeachtach i do chleachtas oibre. Roinnfidh sé scileanna maidir le húsáid spáis, choirp agus ghutha. Gheobhaidh rannpháirtithe muinín agus spreagadh breise chun a stíl uathúil féin a fhorbairt. Fiosróidh siad struchtúr scéalta agus foghlaimeoidh siad leideanna maidir le cruthú scéalta.

Niall De Búrca

Thug Niall taispeántais ar shé mhór-roinn i dtíortha ar nós Gána, an Asarbaiseáin agus an tSeicia. Bhí sé le feiceáil ag Ionad Hans Christian Andersen in Odense na Danmhairge agus rinne sé taibhiú i gCaisleán Kronberg. Rinne Niall guthú ar eagráin dhigiteacha ghiorraithe de mhórán scéalta clasaiceacha lena n-áirítear Narni le CS Lewis agus Danny The Champion Of The World le Ronald Dahl. Thug sé taispeántais in amharclanna agus reáchtáil sé ceardlanna i bpríosúin agus i leabharlanna.

Roinn Niall a chuid scéalta ag áras cónaithe oifigiúil Uachtarán na hÉireann. I mí an Mhárta 2024 thug sé taispeántas ag féile amharclannaíochta Idirnáisiúnta Lagos sa Nigéir agus i mí an Mheithimh 2024, thug sé taispeántas ag ceardlann i Leabharlann Náisiúnta na Laitvia i Ríge agus stiúir sé í.

Stiúir sé “Blackwater Storystream”, tionscadal síochána agus athmhuintearais a thug caoga scoil i dTuaisceart Éireann le chéile. Is é a chreideamh ná “Níor bhris focal maith fiacail riamh.

Ceardlann um Uimhearthacht a Theagasc ar fud an Churaclaim

I dtús báire, déanfar iniúchadh sa cheardlann seo ar a bhfuil i gceist le huimhearthacht a theagasc trasna an churaclaim agus an t-eolas atá de dhíth ar gach múinteoir/tuismitheoir/oideoir a dhíphacáil chun deiseanna foghlama uimhearthachta a aithint i réimse de chomhthéacsanna éagsúla.

Tabharfaidh tascanna tobsmaointeoireachta deis do rannpháirtithe ansin iliomad deiseanna éagsúla a aithint chun an uimhearthacht a ionchuimsiú i gceachtanna éagsúla nó i dtascanna laethúla. Ar deireadh, roinnfear freisin samplaí praiticiúla éagsúla de bhealaí nuálacha cruthaitheacha chun uimhearthacht a theagasc ar fud ábhair éagsúla, lena n-áirítear stair, teangacha, eolaíocht mar shampla, agus i gcomhthéacsanna éagsúla ó lá go lá.

An Dr Niamh O’Meara, Ollamh Comhlach le hOideachas Matamaitice agus Leas-Stiúrthóir EPI•STEM An tIonad Náisiúnta um Oideachas STEM

Seastáin/taispeántóirí

1. Scoil Speisialta Naomh Antaine, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo

Tá scoláirí ó Scoil Speisialta Naomh Antaine anseo chun oibríochtaí an tsiopa milseán atá á reáchtáil ag na scoláirí a phlé. Déanfaidh siad plé ar an taighde margaidh, tionscaimh athchúrsála, agus urraíocht ón bpobal áitiúil a chuir an siopa milseán ar an bhfód.

2. Scoil na mBráithre, Bóthar an Mainistreach, Dún, Contae Luimnigh

Ar ár seastán beidh roinnt samplaí againn ón gcuid faoi Mion-Mata de shuíomh gréasáin Oide. San áireamh anseo tá; Cé Ceann Acu Seo ab Fhearr Leat? An Ceann Corr, Scéalta Ceannlíne agus samplaí dár gCeisteanna ó Thuismitheoirí a úsáidtear i rith Sheachtain an Mhata. Beidh a nDialanna Mata ar taispeáint ag na daltaí in éineacht le cluichí Mata a mbaineann siad taitneamh astu. Spreagfar cuairteoirí chuig an seastán leis na cluichí a imirt agus le dul i mbun na Scéalta Ceannlíne.

3. Coláiste De La Salle Bhinn Aoibhinn, Bóthar Bhinn Aoibhinn, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11

Tá samplaí de na saothair atá críochnaithe acu á gcur i láthair ag scoláirí sa Coláiste De La Salle de chuid Bhinn Aoibhinn chomh maith le roinnt de na scileanna uimhearthachta a d'fhoghlaim siad ó bheith rannpháirteach sa tionscadal 'Invader Mosaic'. San áireamh anseo tá greille chruinn a chruthú, méideanna leachtanna do limistéar dromchla a ríomh agus cóimheasa a mheascadh.

4. An Roinn Airgeadais

Eolas ar litearthacht airgeadais níos ginearálta thar leibhéil na luathbhlianta, na bunscoile, agus na hiar-bhunscoile agus treoirlínte don Tionscal Seirbhísí Airgeadais agus do scoileanna chun naisc oideachais ardchaighdeáin, uilechuimsitheacha agus ábhartha a chruthú, atá dírithe ar litearthacht airgeadais, athléimneacht airgeadais agus folláine airgeadais fhoriomlán do leanaí agus daoine óga a fheabhsú.

5. Gaeloideachas agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Eagraíochtaí Gaeilge a thacaíonn le hEagraíochtaí Luathfhoghlama agus Cúraim agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG)

Is é Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) an Soláthraí Seirbhíse Luathbhlianta atá aitheanta go náisiúnta ar fud na Gaeltachta. Cuireann CNNG os cionn 100 seirbhís ar fáil agus tá oifigí lonnaithe i ngach ceantar Gaeltachta. Soláthraíonn CNNG seirbhísí riaracháin, tacaíochta agus oiliúna do sheirbhísí luathfhoghlama agus cúraim trí Ghaeilge.

Gaeloideachas

Oibríonn Gaeloideachas le hardchaighdeán oideachais trí Ghaeilge a bhunú agus a bhuanú ar fud na tíre. Maidir le foghlaim agus cúram na luath-óige, tugann Gaeloideachas tacaíocht do Naíonraí lasmuigh de cheantair Ghaeltachta.

6. Leabhair Pháistí Éireann

Tá sé de chumhacht ag an léitheoireacht saol daoine a athrú. Mar charthanas náisiúnta léitheoireachta na hÉireann, tá sé mar aidhm againn leanaí agus daoine óga a spreagadh agus a chumasú le bheith ina léitheoirí ar feadh a saoil.

Tacaímid le húdair agus le maisitheoirí, agus cuirimid teaghlaigh, múinteoirí, díoltóirí leabhar, leabharlannaithe, foilsitheoirí agus daoine fásta eile a mbíonn tionchar acu ar léitheoireacht leanaí agus daoine óga ar an eolas.

Cuireann ár scéimeanna bronntanais leabhar acmhainní ar fáil saor in aisce, lena n-áirítear ár dtreoracha léitheoireachta bliantúla, liostaí léitheoireachta téamacha, agus pacáistí gníomhaíochta. Beidh an Príomhfheidhmeannach, Elaina Ryan agus an Bainisteoir For-rochtana Oideachais, an Dr Becky Long, sásta ceisteanna a fhreagairt.

7. COGG

Beidh áiseanna a chuidíonn le teagasc agus foghlaim na Gaeilge agus trí Ghaeilge i ngach cineál scoile, ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, ar taispeáint.

Soláthraionn Oifigigh Oideachais COGG oiliúint maidir le húsáid na n-acmhainní atá cruthaithe agus maoinithe ag COGG. Is féidir iarratas a dhéanamh ar thacaíocht scoile ag https://www.cogg.ie/cuairt/

8. An Oifig um Litearthacht d'Aosaigh don Saol agus NALA (An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh)

Réimse acmhainní lena n-áirítear cláir litearthachta teaghlaigh ar fud na hÉireann agus roinnt tuarascálacha ar Fhoghlaim Theaghlaigh agus eolas faoin bPobal Cleachtais.

9. Oide

Réimse acmhainní chun tacú le comhtháthú na teicneolaíochta sa teagasc agus san fhoghlaim agus litearthacht dhigiteach i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Ar ár seastán cuirtear eolas ar fáil maidir le foghlaim ghairmiúil, tacaíochtaí, agus acmhainní. Beidh an deis ag na rannpháirtithe freisin bualadh le ceannairí foghlama gairmiúla a bhfuil taithí acu chun plé a dhéanamh ar na bealaí éagsúla ina gcuidíonn siad le múinteoirí agus le ceannairí scoile feabhas a chur ar an litearthacht dhigiteach.

10. Ó CALMAST

Beidh Seachtain Mhatamaitice na hÉireann ar siúl ón 11-19 Deireadh Fómhair 2025. Anuraidh, ghlac breis agus 500,000 páirt as gach áit ar fud oileán na hÉireann. Ar a seastán, cuirfidh foireann Sheachtain na Matamaitice raon gníomhaíochtaí spraíúla i láthair a bheidh oiriúnach do lucht spéise éagsúil agus beidh siad ar fáil chun plé a dhéanamh ar conas gníomhaíochtaí matamaitice agus uimhearthachta a reáchtáil i suíomhanna éagsúla.